AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

Ciorclán 0068/2010

# AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA
# AONAD TÓGÁLA SCOILE

## Do: Údaráis Bhainistíochta na mBunscoileanna

## Scéim Dheontais do Fhearas Faiche Imeartha agus Corpoideachais i mBunscoileanna

Tá Deontas Athnuachana Faiche Imeartha agus Corpoideachais á sholáthar do bhunscoileanna chun na riachtanais i leith fhearas faiche imeartha agus Chorpoideachais a shásamh. Tá an deontas á dháileadh ar bhonn €1,000 per scoil agus €10 per capita. Úsáideann an ríomh per capita taifead oifigiúil na Roinne de fhigiúirí na rollaí mar a bhíodar ar an 30 Meán Fhómhair 2009. Beidh an deontas á chur leis an dáileadh chun é a eisiúint faoi Dheontas na Mion-Oibreacha 2010/2011 i Samhain 2010.

Chuir an páipéar taighde is déanaí "Bunscoileanna a Dhearadh don dTodhchaí" de chuid an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta béim láidir ar réimse fearas faiche imeartha agus spóirt chun éascú a dhéanamh ar riachtanais na ngrúpaí daltaí difriúla. Luaigh an páipéar, chomh maith, go bhfoghlaimíonn na daltaí scileanna sóisialta, cognaíocha agus fisiceacha trí imirt i dteannta leis an deis briseadh a thógáil ó obair na scoile.

Tá an chuid is mó de na daoine fásta ag éirí níos buartha agus níos buartha faoi ghnéithe a chuireann isteach ar shláinte agus ar leas agus tá meabhraíocht níos mó ná riamh acu faoi luach agus pléisiúr fisiceach aclaíochta agus spóirt. Tá aclaíocht fisiceach agus spóirt mar ghnéithe tábhachtacha de stíl mhaireachtála cothroime agus forbraíonn sé carachtar, obair foirne agus ceannasaíocht. Is féidir leis na dearcaí dearfacha faoi folláine choirp atá cothaithe san scolaíocht fhoirmiúil leanúint ag bláthú trí rannpháirtíocht rialta le linn an t-saoil uile. Ceann de chuspóirí príomha an

deontais seo ná cúnamh breise a thabhairt don airéine oideachais inar féidir le corp oideachais agus spóirt a bheith faoi bhláth ann.

Beidh eolas ag gach scoil faoina riachtanas sonrach féin maidir le fearas faiche imeartha agus corpoideachais agus tá an deontas seo eisithe chun éascú a dhéanamh ar scoileanna déileáil le riachtanais dá leithéid. Soláthraíonn an t-Aguisín treorach ar fhearas corpoideachais do bhunscoileanna. De bharr gur chóir do scoileanna leanúint a bheith aireach, go háirithe, maidir le gnéithe sláinte agus sábháilteachta i leith chuaillí i scoileanna, tá cóip den ionstraim “Fearas Páirc Imeartha – Cuaillí” de chuid Údarás Caighdeán Náisiúnta na hÉireann leis an gciorclán seo agus ba chóir go mbeadh sé coimeádta ag scoileanna le haghaidh chomhairlithe agus ghníomhaíochta cuí faoi mar a oireann sé.

Má cheannaítear an fearas faiche imeartha agus an fearas corpoideachais laistigh den dtréimhse ama is giorra beidh caoi ag slua reatha na mac léinn teacht ar fhearas nua faiche imeartha agus ar fhearas nua corpoideachais don dtréimhse is faide sula gcríochnaíonn siad a gcuid oideachais den chéad leibhéal. Caithfidh scoileanna cloí le nósanna imeachta na tairisceana agus cothabháil a thaifeadadh mar atá leagtha amach in Aguisín B den Litir Chiorcláin 0141/2006 “Scéim Deontais do Mhion-Oibreacha ar Shealúchais Náisiúnta Scoileanna.” Caithfidh scoileanna a dheimhniú go bhfuil an trealamh a cheannaítear in oiriúint d’úsáid a mac léinn agus ba chóir do sholáthraithe a dhearbhú, nuair is cuí, go sásaíonn sé caighdeán cuí na hÉireann, na hEorpa agus na Breataine.

Maria Grogan
Príomhoifigeach
Aonad Tógála Scoile
An Tulach Mór
Co. Uíbh Fháilí

Samhain 2010

Ba chóir fiosraithe faoin gCiorclán seo a bheith curtha faoi bhráid:

Aonad Tógála Scoile, An Roinn Oideachais agus Skileanna, Bóthar Phort Laoise, An Tulach Mór, Co. Uíbh Fháilí

Fón 057-9325379    Macasamhail 057-9324411    Suíomh Idirlín: www.education.ie

**LIOSTA FEARAIS CHORPOIDEACHAS BUNSCOILE**

**Tá an liosta fearais seo d’úsáid faoi dhíon nó lasmuigh, mar is cuí. Ní meastar go n-éileoidh aon scoil na hearraí seo go léir agus ba chóir go dtabharfadh gach scoil tosaíocht dá riachtanais ó agus laistigh de na “snáitheanna” éagsúla.**

| |
|---|
| **Lúthchleasa**<br><br>Mataí le haghaidh léim ard agus léim fhada agus le haghaidh sprioca; polaí léim ard agus cóin; téada scipeála, stop uaireadóirí, téip agus feadóg; baitíní, caitheamh na meáchana agus quoit, diosca agus sleá (cúr), baitíní; boinn, polaí agus cóin (cliathrás &rl.); dréimire aclaíochta. |
| **Rince/gluaiseacht**<br><br>Seinnteoir dlúthdhioscaí agus réimse ceoil; ábhair chun gluaiseacht agus meabhraíocht spásúil a spreagadh. |
| **Cluichí**<br><br>Badmantan/cispheil/babhláil/cruicéad/peil/iomáint/sacar/camógaíocht/cluiche corr/leadóg boird/leadóg/unihoc/fearas eitpheil. |
| **Cleas-ghleacaíocht**<br><br>Aonad dreapadóireachta déanta suas de thristéil, polaí cothrománacha agus dréimire; barra-bhosca, mataí cleas-ghleacaíochta (1800x1200x50 mm); binsí cothromaíochta; dinge chun cabhrú le rolladh; tralaí mata; ribíní/scarfaí le haghaidh chleas-ghleacaíochta/cluichí. |
| **Gníomhaíochtaí Amuigh agus Eachtraíochta**<br><br>Léarscáil scoile; smachta agus cártaí; ruagaire treodóireachta; marcóirí agus cóin; compáis |

**Nóta:** Ba chóir go ndeimhneodh scoileanna go bhfuil an fearas a cheannaítear in oiriúint d’úsáid a ndaltaí agus go ndearbhódh soláthraithe, nuair is cuí, go sásaíonn sé Caighdeán na hÉireann, na hEorpa agus na Breataine.